Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/686

3.4.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/686 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 1 Aibreán 2025**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) (EUPM Moldova/1/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/855 ón gComhairle an 24 Aibreán 2023 maidir le Misean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2023/855, údaraíonn an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil a dhéanamh agus treoir straitéiseach a thabhairt ar Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova), lena n-áirítear an chumhacht chun Ceann Misin a cheapadh ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 27 Aibreán 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/871 ([2]), lena gceaptar Cosmin DINESCU mar Cheann Misin EUPM Moldova ón 25 Aibreán 2023 go dtí an 24 Aibreán 2024.

(3) An 23 Aibreán 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1202 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Cosmin DINESCU mar Cheann Misin EUPM Moldova ón 25 Aibreán 2024 go dtí an 24 Aibreán 2025.

(4) An 20 Feabhra 2025, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Cosmin DINESCU ina Cheann Misin ar EUPM Moldova ón 25 Aibreán 2025 go dtí an 24 Aibreán 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Cosmin DINESCU mar Cheann Misin Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) ón 25 Aibreán 2025 go dtí an 24 Aibreán 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Aibreán 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK

---

([1]) IO L 110, 25.4.2023, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/855/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/871 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Aibreán 2023 maidir le Ceann Misin Mhisean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) (EUPM Moldova/1/2023) a cheapadh (IO L 113, 28.4.2023, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/871/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/1202 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 23 Aibreán 2024 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM Moldova) (EUPM Moldova/1/2024) (IO L, 2024/1202, 24.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1202/oj).